Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**10550/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0251(COD)**

**ENT 100**
**ENV 495**
**MI 312**
**CODEC 769**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 491 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha maidir le feithiclí ceann sraithe de chatagóir L mar fhreagairt ar ráig COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 491 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 491 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2020
COM(2020) 491 final

2020/0251 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha maidir le feithiclí ceann sraithe de chatagóir L mar fhreagairt ar ráig COVID-19**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is mór an cur isteach atá á dhéanamh ag paindéim COVID-19 ar thionscal na ngluaisrothar agus iliomad suaití dulta i bhfeidhm air, é thíos ar thaobh amháin le cur isteach láithreach ar na láithreáin táirgthe agus ar na slabhraí luacha idirnáisiúnta, agus ar an taobh eile le laghdú suntasach éilimh agus méadú ar líon na bhfeithiclí sa stoc. Bhí éifeacht aige sin ar chumas na monaróirí roinnt de na spriocdhátaí a fhorchuirtear le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 a shásamh.

De réir an Rialacháin sin, beidh feidhm ag céim Euro 5 maidir le hastaíochtaí truailleán an 1 Eanáir 2021, rud a chiallaíonn nach bhféadfar a chur ar mhargadh an Aontais ón dáta sin i leith ach feithiclí a shásóidh riachtanais Euro 5.

Tá díolachán gluaisrothar thíos go mór le tionchar ráig COVID-19, áfach. Is idir Márta agus Iúil a dhéantar 60% den díolachán sin go hiondúil. D'fhág an dianghlasáil a chuir údaráis na mBallstát i bhfeidhm nárbh fhéidir díolachán a dhéanamh le linn na tréimhse ba mhó a mbeadh rath air. De réir foinsí eolais sa tionscal féin, meastar gur tuairim agus 553,700 feithicil Euro 4 a bhí sa stoc i Márta 2020. Le linn na dianghlasála, tháinig laghdú 98% ar an díolachán agus tá lagtrá ann ó shin. Dá bhrí sin, ní móide go ndíolfar na feithiclí Euro 4 ar fad atá sa stoc faoi dheireadh na bliana.

Má fhoráiltear le Rialachán (AE) 168/2013 don fhéidearthacht a bheith ag monaróirí feithiclí ceann sraithe a dhíol, faoi mar a thugtar orthu (i.e. feithiclí 'seanstoic' nach sásaíonn na riachtanais is déanaí), déantar é sin a theorannú i ngach Ballstát de réir uasmhéid 10% den mheánlíon feithiclí a díoladh sa dá bhliain roimhe sin nó 100 feithicil. Is faoi na Ballstáit atá sé a shocrú cén líon feithiclí is féidir a chlárú mar fheithiclí ceann sraithe.

I bhfianaise an chur isteach sin, agus mar gheall ar an líon feithiclí atá sa stoc, agus an stop iomlán, nach mór, a cuireadh leis an díolachán nuair a bhí séasúr 2020 ar a bhuaic, ní sásra iomchuí atá sna forálacha reatha maidir le feithiclí ceann sraithe chun aghaidh a thabhairt ar an gcás sin. Ba cheart, dá bhrí sin, na forálacha maidir le feithiclí ceann sraithe a oiriúnú lena cheadú do dhéileálaithe méideanna níos mó dá stoc feithiclí Euro 4 a dhíol in 2021 amháin.

Ní mhéadófar astaíochtaí truailleán leis an togra seo toisc go mbeidh an tsolúbthacht teoranta d'fheithiclí a táirgeadh cheana tráth na dianghlasála. Ina theannta sin, fágann sé nach gá feithiclí a chuirfí ar an margadh murach an ghéarchéim a chaitheamh i dtraipisí gan chúis. Ní chuirfear siar leis an togra seo teacht i bhfeidhm chéim Euro 5 do na feithiclí nuatháirgthe ar fad an 1 Eanáir 2021.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

### • Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta ós rud é nach dtagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

Ós rud é go bhfuil leasuithe ar reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana i gceist sa togra, is é an tAontas amháin atá in ann aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna go

héifeachtach. Ina theannta sin, ní féidir na cuspóirí beartais a ghnóthú go leordhóthanach le gníomhartha na mBallstát.

D'fhonn córas cineálcheadaithe feithiclí de chuid an Aontais a thabhairt isteach, ní mór comhchuibhiú a dhéanamh ag leibhéal an Aontais ar cheanglais theicniúla le haghaidh cineálcheadú mótarfheithiclí maidir le heilimintí sábháilteachta agus comhshaoil. Bhainfeadh gníomhaíocht ó na Ballstáit an bonn den chóras cineálcheadaithe feithicle ina iomláine. Is gá bearta ón Aontas Eorpach ionas nach dtiocfaidh bacainní chun cinn don mhargadh aonair.

Dá bhrí sin, comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta de bhrí nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus déanann sé foráil san am céanna maidir le hardleibhéal sábháilteachta poiblí agus cosanta comhshaoil.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán lena leasaítear Rialachán

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Níl measúnú tionchair ar leith ag gabháil leis an togra seo ós rud é go ndearnadh measúnú tionchair ar Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 cheana. Ní athraítear an Rialachán sin ó thaobh substaint de leis an togra seo agus ní fhorchuirtear oibleagáidí nua ar na páirtithe lena mbaineann. Is é is príomhaidhm dó, ar chúiseanna eisceachtúla i gcomhthéacs ráig COVID-19 atá ann faoi láthair, forálacha speisialta maidir le feithiclí ceann sraithe a sholáthar don bhliain 2021 amháin.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar buiséadach ag an togra ar institiúidí an Aontais.

2020/0251 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha maidir le feithiclí ceann sraithe de chatagóir L mar fhreagairt ar ráig COVID-19**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De dheasca ráig COVID-19, tá curtha isteach ar shlabhra soláthair na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna criticiúla d'fheithiclí de chatagóir L agus tá laghdú suntasach ar an éileamh atá ar na feithiclí sin, rud a fhágann go bhfuil an-mhoill ar mhonaróirí maidir lena stoc feithiclí Euro 4 ina iomláine a dhíol, feithiclí a bhfuil gá de réir Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] lena gclárú sula dtiocfaidh céim chomhshaoil Euro 5 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

(2) Leis na forálacha maidir le feithiclí ceann sraithe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, ceadaítear do mhonaróirí leanúint de chuid theoranta de stoc feithiclí de chatagóir L a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís, ar feithiclí iad nach féidir a chur ar fáil ar an margadh nó nach féidir a chur ar fáil ar an margadh a thuilleadh, de bharr teacht i bhfeidhm ceanglas teicniúil nua nár ceadaíodh na feithiclí sin dá réir.

(3) I bhfianaise an chur isteach arb í ráig COVID-19 is cúis leis, is léir nach sásra iomchuí atá sna forálacha maidir le feithiclí ceann sraithe i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 chun aghaidh a thabhairt ar an líon feithiclí Euro 4 de chatagóir L a bheidh sa stoc ag monaróirí tar éis chur i bhfeidhm chéim chomhshaoil Euro 5.

(4) Mar gheall ar na himthosca eisceachtúla arb í ráig COVID-19 is cúis leo agus chun an cur isteach a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an margadh a sheachaint, is gá leasú a dhéanamh ar na rialacha ceann sraithe atá i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.

---

1 IO C , , lch. .

2 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 060, 2.3.2013, lch. 52).

(5) Ar mhaithe lena áirithiú nach gcuirtear na bearta sin i bhfeidhm ach amháin i gcás feithiclí a bhí sa stoc tráth na dianghlasála náisiúnta, níor cheart go rachadh an líon feithiclí a thairbheoidh de na bearta sonracha maidir le feithiclí ceann sraithe thar an líon feithiclí Euro 4 de chatagóir L a bhí sa stoc an 15 Márta 2020.

(6) I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla arb í ráig COVID-19 is cúis leo, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(7) Mar gheall go bhfuil gá práinneach leis na bearta sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an tAirteagal seo a leanas, Airteagal 44a, isteach i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013:

*'Airteagal 44a*

**Bearta sonracha maidir le feithiclí ceann sraithe mar fhreagairt ar ráig COVID-19**

1. De mhaolú ar Airteagal 44, feithiclí atá i gcomhréir le cineál feithicle ar éirigh a chineálcheadú AE neamhbhailí ón 1 Eanáir 2021 de bhun Airteagal 37(2), pointe (a), féadfar iad a chur ar fáil ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís mar fheithiclí ceann sraithe go dtí an 31 Nollaig 2021, faoi réir mhíreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal sin.

2. Ní rachaidh an líon feithiclí ceann sraithe dá dtagraítear i mír 1 thar an líon feithiclí lena mbaineann cineálcheadú AE a tháinig chun bheith neamhbhailí an 1 Eanáir 2021 de bhun Airteagal 37(2), pointe (a), agus a bhí sa stoc an 15 Márta 2020.

3. Monaróir ar mian leis leas a bhaint as an maolú dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh sé iarraidh chuig údarás náisiúnta gach Ballstáit ina bhfuil na feithiclí atá i gceist le cur ar fáil ar an margadh, le clárú nó le cur i seirbhís, agus cuirfidh sé in iúl san iarraidh sin an líon feithiclí ceann sraithe dá n-iarrtar an maolú a dtagraítear dó i mír 1.

Cinnfidh an t-údarás náisiúnta lena mbaineann, laistigh de mhí tar éis dó an iarraidh a fháil, an gceadóidh sé na feithiclí ceann sraithe sin a chlárú laistigh dá chríoch agus cén líon díobh is féidir a chlárú.

4. Cuirfidh an monaróir iontráil speisialta ar dheimhniú comhréireachta na bhfeithiclí a chuirtear i seirbhís faoi mhír 1, rud lena gcáileofar na feithiclí sin mar 'fheithiclí ceann sraithe 2021'.

5. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin líon feithiclí dá dtugtar stádas ceann sraithe faoin Airteagal seo faoin 1 Iúil 2021 ar a dhéanaí.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |